

BRAITHRE NAOIMH PÁDRAIG.
údair, Liam Ó Laeghaire.

Bhí miádh agus mirath ar Eirinn indeireach an céad nuair d'fhill an sagart ég Dónall Ó Dubhshláine en bhFrainc mar ar heir-dnifeadh ina shagart é. Níor bhfada in Eirinn dó nuair a cuireadh go Tulach Ó bhFeidhlim igCo. Ceatharlach é mar shagart cúnta den Easbeg Séamus Ó Caeimh. Bhí muintir an pharóiste go beo bocht, fé sceanach is fe scanradh. B' é a gcoir mhór go rabhadar dílis don tSean Chreideamh. Coinniodh uatha léann, oideachas agus caoi chun dul ar aghaidh sa tsaoil. B' iad an caimhneochas, troideanna coileach agus sport clamprach an t-aon chaitheamh aimsire amhain a bhíodh acu.

Níorbh eagal leis an Athair Ó Dubhshláine teacht amach os comh-air an phobail gleasta idtreo is go naithneofaí mar shagart é. agus anamchara acu an fhaid a mh-air sé.

Chuir se clog Fáilte an Aingil da bhualadh chun na daoine a ghlaoch chun urnaithe, d'oscail se scoileanna Domhnaigh, d'eagraigh se buidhean cheoil agus mhúin se iomainn (amhrán diaganta) igcomhair comharchantaireachta. Chruinnigh se muinteoirí chun cabhrú leis na haithbheochana creidimh sa pharóiste. D'éirigh lena shaothar. Thainig anam is beo id-Tulach Ó bhFeidhlim áris.

Nuair a d'éag an tEasbog Ó Caoimh lean an tAthair Ó Dubhshláine é mar chomharba. Sa bhliain 1808 do bhunaigh an t-eaglais-each cailiúil círearc ord muinteoireachta ar bhaist sé Bráithre Naoimh Padraig. Idtosach Mhí na Feabhra anuraidh do cheiliúir an tOrd a chomoradh céad blian go leith.

Is id Tulach Ó bhFeidhlim ig-Co. Ceatharchoch do cuireadh an tOrd ar bun Roghnaigh an Dr. Ó Dubhshláine gasra beag fear as measc na ndaoine a d'oil se chun an Teagasc Criostaf a mhúineadh ins na scoileanna Domhnaigh agus bhronn sé orthu an seansheipeál i Sráid an Mhuilinn mar arús cónaithe agus d'iochadh sé féin an cíos doibh. Eisean, leis, a roghnaigh an aibid doibh agus bhi mar Stiúrthoir Spioradalta

Imeasc an ghasra bhig ní raibh ach duine amhain ina oide d'reir gairme. Siúinear, fíodóir, gabha dubh, gabha geal agus saor adhmid na ceardaithe a bhí ina measc. Bhíodh ranganna ar siúl acu agus d'focadh tuismitheoirí na mac leinn suimeanna beaga airgid leo ar son an teagaisc a bhí a fháil ag a golainn uatha, ach níor leor san in aonchor, lena goothú, agus b'éigean doibh leanúint de chleachtadh a gceárd chun an cumann beag a choimeád ar siúl.

Dá bhí sin, bhunaíodar ceardscoil chun a gceárda a muineadh do dhaoine eiles.

Is féidir a rá gan aon agóid gur mar sin a cuireadh tosach leis an ngairmoideachas a bhfuil an oiread san tabhactha leis in Eirinn agus idtiortha eile an lá atá inniu ann. Ar feadh ibhfad bhi clonadh mór leis an ngairmoideachas in obair na mBráithre.

Sa bhliain 1810 bhunaíodar cuallacht eile de na Bráithre in Móin Rátha i Laois, agus theagascadar fíodóireacht agus déanamh cior ann sa bhliain 1818, bhunaíodar monarcha i dTulach Ó bhFeidhlim chun uirlísí talmhafochta a dheanamh.

Ach Bhíodar céad bliain chun